Turasóireacht i gConamara

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi thurasóireacht i gConamara. Déan plé leis an duine in aice leat faoi bhrí na bhfocal sa chiorcal.



Iarr ar an teagascóir cuidiú libh mura bhfuil sibh cinnte.

Ceist 2 Féach ar na habairtí thíos, an bhfuil siad fíor nó bréagach?

Aontaíonn *GaelSaoire* le moladh Frank Fahey móráisíneacht amháin chun turasóireacht i Conamara a chur chun cinn	Fíor/Bréagach
Tá Conamara ar cheann de na ceantair is mó aithne ó thaobh turasóireachta de in Éirinn.	Fíor/Bréagach
Síleann Frank Fahey gur cheart na heagraíochtaí turasóireachta ar fad a thabhairt le chéile.	Fíor/Bréagach
Aontaíonn Ann Ó Domhnaill le Frank Fahey.	Fíor/Bréagach
Níl comhoibriú ar bith ann idir *GaelSaoire* agus Ireland West faoi láthair.	Fíor/Bréagach

Ceist 3 Féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo.

1. Cad é a dhéanann an eagraíocht *GaelSaoire*?
2. Cad atá le rá ag Frank Fahey faoi bhranda Chonamara?
3. Cad iad na gnéithe éagsúla atá ag Conamara chun turasóirí a mhealladh?

Ceist 4 *'san Iodáil, sa Fhrainc, i Meiriceá'*

Féach ar na tíortha seo thíos agus cuir sa/san/i/in roimh gach tír le 'in the' a léiriú. Tá an chéad cheann déanta duit.

An Spáinn	sa Spáinn
An Ghréig	_____
Cúba	_____
Albain	_____
An Bhreatain Bheag	_____
An Fhionlainn	_____
An Phortaingéil	_____
An Rúis	_____
An tSín	_____
Ceanada	_____

Ceist 5 ‘tá imní *léirithe*’ agus ‘tá sé *molta*’

Cuir an fhoirm cheart de na briathra (an aidiacht bhriathartha) atá idir lúibíní sna spásanna thíos. Tá an chéad cheann déanta duit.

1. Tá m’obair bhaile (déan) déanta .
2. Is mór an trua nach bhfuil an t-eolas ar fad (tabhair) _____.
3. Tá na soithí ar fad (nigh) _____.
4. Is breá liom nuair a bhíonn an lá scoile (críochnaigh) _____.
5. An bhfuil an dinnéar (ceannaigh) _____ agat?
6. Tá an traein (imigh) _____ cheana féin.
7. Dúradh leis go raibh a chuid billí ar fad (íoc) _____.

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An dtéann tú ar laethanta saoire in Éirinn?
An síleann tú go bhfuil tuilleadh margaíochta ag teastáil chun an turasóireacht a chur chun cinn in iarthar na tíre go ginearálta?
An ndéanann an iomarca turasóireachta dochar don timpeallacht agus don chultúr?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1
Tá an cheist seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

eagraíocht	**organisation**
áisíneacht	**agency**
margaíocht	**marketing**
branda	**brand**
tionscal turasóireachta	**tourism Industry**
teach aíochta	**guest house**
croílár	**centre**
urlabhraí	**spokesperson**
comhoibriú	**collaboration**

Ceist 2
Bréagach
Fíor
Fíor
Bréagach
Bréagach

Ceist 3
1. Tugann *GaelSaoire* faoi mhargaíocht turasóireachta i nGaeltacht Chonamara.
2. Is branda iontach é, tá daoine in ann labhairt leat faoi Chonamara i ngach áit, sa Bhreatain, san Iodáil, sa Fhrainc, i Meiriceá agus dar liom féin, níl muid ag déanamh an jab ceart anois chun an branda sin a chur chun cinn chomh maith agus is féidir.
3. Áilleacht nádúrtha, cultúr agus teanga, cúrsaí mara agus capaillíní Chonamara.

Ceist 4
Sa = (i + an): ***in the*** as Béarla. Ciallaíonn i ***in*** nó ***in a*** as Béarla. Cuirtear **–n** le **sa** agus le ***i*** má thagann siad roimh ghuta, mar shampla: San Ollainn agus in Albain

An Spáinn	sa Spáinn
An Ghréig	sa Ghréig
Cúba	i gCúba
Albain	in Albain
An Bhreatain Bheag	sa Bhreatain Bheag
An Fhionlainn	san Fhionlainn
An Phortaingéil	sa Phortaingéil
An Rúis	sa Ruis
An tSín	sa tSín
Ceanada	i gCeanada

Ceist 5
1. Tá m'obair bhaile (déan) déanta .
2. Is mór an trua nach bhfuil an t-eolas ar fad tugtha.
3. Tá na soithí ar fad (nigh) nite.
4. Is breá liom nuair a bhíonn an lá scoile (críochnaigh) críochnaithe.
5. An bhfuil an dinnéar (ceannaigh) ceannaithe agat?

6. Tá an traein (imigh) imithe cheana féin.
7. Dúradh leis go raibh a chuid billí ar fad (íoc) íoctha.

Ceist 6
Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Ní aontaíonn *GaelSaoire*, an eagraíocht a bhfuil cúram turasóireachta na Gaeltachta uirthi, beag nó mór, le moladh go mbunófaí móráisíneacht amháin chun margaíocht a dhéanamh ar thurasóireacht i gConamara. Is é an Teachta Dála, Frank Fahey, a rinne an moladh ach deir *GaelSaoire* nach bhfuil gá lena leithéid. Seo é Rónán Mac Con Iomaire.

Rónán Mac Con Iomaire
Tá Conamara ar cheann de na ceantair is mó aithne ó thaobh na turasóireachta de in Éirinn, ach, agus margaíocht turasóireachta an cheantair fágtha faoi eagraíochtaí éagsúla ar nós *Ireland West*, *Gaelsaoaire* agus *Connemara Tourism*, tá imní léirithe nach bhfuil an ceantar seo á chur chun cinn ar an mbealach is éifeachtaí. Chuige sin tá sé molta ag an Teachta Dála de chuid Fhianna Fáil, Frank Fahey, go mbunófaí áisíneacht amháin chun margaíocht ar Chonamara ina iomláine agus go ndéanfaí forbairt ar an ainm Conamara mar bhranda idirnáisiúnta.

Frank Fahey, TD
Mar tá sé in ann margaíocht i bhfad níos fearr a dhéanamh ar fud an domhain ar Chonamara. Is branda iontach é, tá daoine in ann labhairt leat faoi Chonamara i ngach áit, sa Bhreatain, san Iodáil, sa Fhrainc, i Meiriceá agus dar liom féin, níl muid ag déanamh an jab ceart anois chun an branda sin a chur chun cinn chomh maith agus is féidir. Agus, tá sé in am dúinn na heagraíochtaí éagsúla a thabhairt le chéile – *Údarás na Gaeltachta*, *Fáilte Ireland* agus ar ndóigh na daoine a bhfuil páirt acu sa tionscal turasóireachta.

Rónán Mac Con Iomaire
Molann Frank Fahey gur chóir an aon-mhargaíocht a dhéanfaí ar Chonamara díriú ar áilleacht nádúrtha, ar chultúr agus teanga, ar chúrsaí mara agus ar chapaillíní Chonamara, a deir sé.

Ar an gCeathrú Rua i gcroílár Ghaeltacht Chonamara tá teach aíochta ag Ann Ó Domhnaill, os cionn trí bliana anois. Tá sise ag obair sa tionscal turasóireachta ar bhonn laethúil ach ní aontaíonn sé le Frank Fahey.

Ann Ó Domhnaill, Teach Aíochta Uí Dhomhnaill
Taobh seo tíre b'fhéidir ón Spidéal anoir agus tá a fhios agam go raibh mé ag caint faoi blianta ó shin – cósta Chonamara, tá mé ag ceapadh gur cheart b'fhéidir díriú air sin mar áit amháin, mar tá mé ag ceapadh go bhfuil an taobh eile, thuas sa Chlochán, go bhfuil a ndóthain á dhéanamh acu sin agus tá mé ag ceapadh go bhfuil sé in am againne muid féin, ar an gcósta anseo, dul agus b'fhéidir margaíocht faoi leith a dhéanamh don áit seo.

Rónán Mac Con Iomaire
Deir *GaelSaoire*, a thugann faoi mhargaíocht turasóireachta i nGaeltacht Chonamara, nach bhfuil gá le mór-eagraíocht turasóireachta amháin. Mar a deir urlabhraí go bhfuil comhoibriú ann cheana féin idir *GaelSaoire* agus *Ireland West* chun an turasóireacht a chur chun cinn i gConamara.

Rónán Mac Con Iomaire, Nuacht TG4, ar an gCeathrú Rua, Co. na Gaillimhe.